2024/3136

18.12.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3136 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2024

maidir le ceapachán chathaoirleach agus chomhaltaí Bhord Bainistíochta an Líonra agus a gcomhaltaí malartacha agus ceapachán chomhaltaí an Aonaid Eorpaigh um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime agus a gcomhaltaí malartacha le haghaidh fheidhmeanna an líonra bainistíochta aerthráchta do 2025 agus 2026

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(5) agus Airteagal 38(15) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/2803 a chur chun feidhme, bunaítear in Airteagal 38(14) Bord Bainistíochta Líonra (an Bord) chun rialachas iomchuí ar chur i gcrích fheidhmeanna an líonra a áirithiú. Ba cheart don Choimisiún na rialacha mionsonraithe maidir le comhdhéanamh, feidhmiú agus freagrachtaí agus sásraí rialachais líonra an Bhoird a shocrú.

(2) Tagraítear don Bhord in Airteagal 18 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún ([2]). Bunaítear in Airteagal 19 de freisin Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime (an tAonad) chun bainistiú éifeachtach géarchéime a áirithiú ar leibhéal an líonra. Go dtí go ndéanfar athbhreithniú air tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart feidhm a bheith aige ach na modhnuithe is gá a bheith déanta *(mutatis mutandis)* chun leanúnachas na ngníomhaíochtaí a áirithiú.

(3) Chun feidhmiú éifeachtúil an Bhoird agus an Aonaid a áirithiú go dtí go nglacfar Rialachán Cur Chun Feidhme athbhreithnithe, ba cheart cathaoirleach, leaschathaoirligh, comhaltaí agus breathnóirí an Bhoird agus a gcomhaltaí malartacha agus comhaltaí an Aonaid agus a gcomhaltaí malartacha a cheapadh ar feadh 2 bhliain.

(4) I mí Aibreáin 2024, mhol na comhaltaí a bhfuil vóta acu an cathaoirleach is iarrthóir ar an mBord nua d'aon toil.

(5) I mí an Mheithimh 2024, mhol na heintitis ar a ndéanfar ionadaíocht ar Bhord Bainistíochta an Líonra beirt leaschathaoirleach agus comhaltaí is iarrthóirí a bhfuil vóta acu ar Bhord Bainistíochta an Líonra agus a gcomhaltaí malartacha.

(6) I mí an Mheithimh 2024, faoi Airteagal 18(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123, mhol Eurocontrol na comhaltaí is iarrthóirí nach bhfuil vóta acu a dhéanfaidh ionadaíocht ar sholáthróirí seirbhísí aerloingseoireachta tíortha comhlachaithe a bheidh ar an mBord nua.

(7) I mí an Mheithimh 2024, fuair an Coimisiún roinnt iarrataí ar stádas breathnóra ar an mBord.

(8) I mí an Mheithimh 2024, mhol na heagraíochtaí ar a ndéanfar ionadaíocht san Aonad a n-ainmniúcháin don Aonad.

(9) I gcomhréir leis na moltaí sin, ba cheart cathaoirleach, leaschathaoirligh, comhaltaí agus breathnóirí ar an mBord agus a gcomhaltaí malartacha, chomh maith le comhaltaí an Aonaid agus a gcomhaltaí malartacha, a cheapadh.

([1]) IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta (BAT) a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún (IO L 28, 31.1.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/123/oj).

(10) Toisc go rachaidh sainordú an Bhoird atá ann faoi láthair in éag an 31 Nollaig 2024, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne chun leanúnachas na ngníomhaíochtaí a áirithiú.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Aerspás Aonair arna bunú le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na daoine a liostaítear in Iarscríbhinn I, ceapfar iad ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2026 mar chomhaltaí, mar chomhaltaí malartacha agus mar bhreathnóirí ar Bhord Bainistíochta an Líonra, sa cháil dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Na daoine a liostaítear in Iarscríbhinn II, ceapfar iad ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2026 mar chomhaltaí agus mar chomhaltaí malartacha ar an Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime, sa cháil dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

CEAPACHÁIN CHOMHALTAÍ BHORD BAINISTÍOCHTA AN LÍONRA A BHFUIL VÓTA ACU AGUS COMHALTAÍ NACH BHFUIL VÓTA ACU AGUS A gCOMHALTAÍ MALARTACHA, CHOMH MAITH LE BREATHNÓIRÍ AR AN mBORD

An Cathaoirleach:	Enrique MAURER SOMOLINOS An tArd-Stiúrthóir ENAIRE
An Chéad Leas-Chathaoirleach:	Rory SERGISON Ceannaire um Bonneagar Bainistíochta Aerthrácht, an Eoraip – An tSábháilteacht Réigiúnach agus Oibríochtaí Eitilte IATA
An Dara Leas-Chathaoirleach:	Giovanni RUSSO Príomhoifigeach Oibriúcháin Aerfort Ginéive

Úsáideoirí aerspáis		
	Comhaltaí a bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
AIRE/ERA	Dorota DMUCHOWSKA Príomhoifigeach Oibriúcháin/ Comhalta den Bhord Bainistíochta LOT Polish Airlines – thar ceann AIRE	Jean FELON Ceann an Lárionaid Rialaithe Oibríochtaí Luxair – thar ceann ERA
A4E	Neal MCMAHON Príomhoifigeach Oibriúcháin Ryanair – thar ceann A4E	Jörn MESSNER Ceann na Monarchan Nuálaíochta & Teicneolaíochta LHA MUC Lufthansa Group – thar ceann A4E
IATA	Rory SERGISON Ceannaire um Bonneagar Bainistíochta Aerthrácht, an Eoraip – An tSábháilteacht Réigiúnach agus Oibríochtaí Eitilte An Comhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA)	Elena Vega Fernandez Stiúrthóir Cúnta, Bonneagar Bainistíochta Aerthrácht, an Eoraip An Comhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA)
EBAA/IAOPA/EAS	Melissa CAPIZZI Bainisteoir, Gnóthaí Oibríochtúla An Comhlachas Eorpach um Eitlíocht Ghnó (EBAA)	Robert BALTUS Príomhoifigeach Oibriúcháin An Comhlachas Eorpach um Eitlíocht Ghnó (EBAA)

Soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta de réir an bhloic feidhme aerspáis		
	Comhaltaí a bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
PANSA - an Pholainn Oro Navigacija – an Liotuáin	Magdalena JAWORSKA-MAĆKOWIAK An tUachtarán PANSA	Tomas MONTVILA Príomhoifigeach Oibriúcháin Oro Navigacija
ENAV - an Iodáil MATS - Málta HASP - an Ghréig Roinn Eitlíochta Sibhialta na Cipire	Haris ANTONIADES Príomhoifigeach Oibriúcháin (ANS) Roinn Eitlíochta Sibhialta na Cipire	Despoina PAPANDREOU Ceann an Rannáin um Bainistiú & Forbairt Seirbhísí Aerloingseoireachta HASP
BULATSA - an Bhulgáir ROMATSA - an Rómáin	Adrian COJOC An tArd-Stiúrthóir ROMATSA	Georgi PEEV An tArd-Stiúrthóir BULATSA
NAVIAIR - an Danmhairg LFV - an tSualainn	Thorsten ELKJAER Príomhoifigeach Oibriúcháin NAVIAIR	Petter EKLUND Príomhoifigeach Oibriúcháin/Stiúrthóir faoi bhealach LFV

Soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta de réir an bhloic feidhme aerspáis		
	Comhaltaí a bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
ATS Phoblacht na Slóvaice ANS Phoblacht na Seice Austro Control - an Ostair HungaroControl - an Ungáir Croatia Control - an Chróit Slovenia Control - an tSlóivéin BHANSA - an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	Gábor MENRÁTH Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Oibriúcháin HungaroControl	Petr FAJTL Stiúrthóir Feidhmiúcháin Oibríochtaí ANS Phoblacht na Seice
DFS - an Ghearmáin skeyes - an Bheilg DSNA - an Fhrainc ANA - Lucsamburg LVNL - an Ísiltír Skyguide - an Eilvéis	Dirk MAHNS, Príomhoifigeach Oibriúcháin, DFS	Frédéric GUIGNIER Stiúrthóir DSNA DSNA Raimund FRIDRICH Ceann Oifige ANSP FABEC
EANS - an Eastóin Fintraffic - an Fhionlainn LGS - an Laitvia Avinor - an Iorua	Christer BJÖRKMAN Leas-Uachtarán, ANS Idirnáisiúnta & Líonra Fintraffic ANS	Aivars PŪCĪTIS Comhalta den Bhord Bainistíochta SJSC Latvijas gaisa satiksme
NAV Portugal ENAIRE - an Spáinn	Pedro Barata Stiúrthóir na hoifige straitéise, pleanála agus caidrimh sheachtraigh Navegacao Aerea de Portugal (NAV Portugal)	Laura GARCÉS ACÍN Leas-Stiúrthóir Seirbhísí Aerloingseoireachta ENAIRE
AirNav Ireland	David USHER An Ceann Líonra, Aerspáis agus Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara AirNav Ireland	Joe RYAN Bainisteoir an Líonra Náisiúnta AirNav Ireland

Oibreoirí aerfoirt		
	Comhaltaí a bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
	Giovanni RUSSO Príomhoifigeach Oibriúcháin Aerfort Ginéive	Ivan BASSATO Príomhoifigeach Oibriúcháin Aeroporti di Roma
	Alessandro FIDATO Príomhoifigeach Oibriúcháin SEA Milan Airports	Thomas ROMIG Príomhoifigeach Oibriúcháin Brussels Airport

An tArm		
	Comhaltaí a bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
Soláthraithe Míleata Seirbhísí Aerloingseoireachta	Cor Raymond MARTIN Príomhoifigeach Seirbhísí Aerthráchta Ceanncheathrú Aerchór na hÉireann	Cor Matthias LÖWA Stiúrthóir BAT Údarás Eitlíochta Míleata, an Ghearmáin
Úsáideoirí míleata aerspáis	An Br Gin Lionel BAVEREY Stiúrthóir BAT Arm na Fraince Údarás Sábháilteachta Eitlíochta Stáit na Fraince	Cor Thierry BRETOS Ceannaire na hOifige Gnóthaí Idirnáisiúnta – Aerspás Eorpach Aonair Údarás Sábháilteachta Eitlíochta Stáit na Fraince

Cathaoirleach Bhord Bainistíochta an Líonra		
	Comhalta gan vóta	Comhalta malartach
	Enrique MAURER SOMOLINOS An tArd-Stiúrthóir ENAIRE	Rory SERGISON Ceannaire um Bonneagar Bainistíochta Aerthrách ta, an Eoraip – An tSábháilteacht Réigiúnach agus Oibríochtaí Eitilte IATA
		Giovanni RUSSO Príomhoifigeach Oibriúcháin Aerfort Ginéive

An Coimisiún Eorpach		
	Comhalta gan vóta	Comhalta malartach
	Maria De Las Flores DIAZ PULIDO Ceann Aonaid, Aerspás Eorpach Aonair, AS MOVE, An Coimisiún Eorpach	Staffan EKWALL Oifigeach Beartais AS MOVE, An Coimisiún Eorpach

Údarás Faireachais CSTE		
	Comhalta gan vóta	Comhalta malartach
	Gunnar Örn INDRIÐASON Oifigeach Dlí Sinsearach, Iompar agus Nascacht Údarás Faireachais CSTE	Valgerður Guðmundsdóttir, Leas-Stiúrthóir um Iompar agus Nascacht Údarás Faireachais CSTE
Bainisteoir Líonra		
	Comhalta gan vóta	Comhalta malartach
	Iacopo PRISSINOTTI Stiúrthóir, Bainistíocht Líonra Stiúrthóireacht um Bainistíocht Líonra EUROCONTROL,	Razvan BUCUROIU Ceann an Rannáin Aerspáis agus Acmhainneachta Stiúrthóireacht um Bainistíocht Líonra EUROCONTROL

Cathaoirleach na meithle um oibríochtaí (NDOP)		
	Comhalta gan vóta	Comhalta malartach
	Adrian FLOREA Stiúrthóir Oibríochtúil ROMATSA	Guillaume BLANDEL Stiúrthóir Oibríochtaí DSNA

Ionadaithe ar sholáthraithe Seirbhísí Aerloingseoireachta tíortha comhlachaithe		
	Comhaltaí gan vóta	Comhaltaí malartacha
1 Eanáir 2025 go dtí 31 Nollaig 2025	Davorin PRIMORAC Príomhoifigeach Feidhmiúcháin BHANSA	Tomislav ŠIMIĆ Pleanáil Airgeadais BHANSA
1 Eanáir 2025 go dtí 31 Nollaig 2025	An Dr Cengiz PAŞAOĞLU Leas-Ardstiúrthóir Údarás na hArdstiúrthóireachta um Aerfoirt Stáit	Ilker ÖDEMIŞ Leas-Cheann an Stiúrthóra Aerloingseoireachta Údarás na hArdstiúrthóireachta um Aerfoirt Stáit

Eurocontrol		
	Comhalta gan vóta	Comhalta malartach
	Raúl MEDINA CABALLERO An tArd-Stiúrthóir EUROCONTROL	Marylin BASTIN Ceann Aonaid, Inbhuanaitheacht Eitlíochta EUROCONTROL

Breathnóirí		
	Christophe VIVIER Ceann an Aonaid Aerspás Eorpaigh Aonair an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint	
	Athanassios TZIOLAS Ceann na Roinne Aerthráchta Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh	
	Cathy MANNION Cathaoirleach Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair	
	Andreas BOSCHEN Stiúrthóir Feidhmiúcháin Comhghnóthas SESAR 3	
	Mariagrazia LA PISCOPIA Stiúrthóir Feidhmiúcháin Bainisteoir Imlonnaithe SESAR	

IARSCRÍBHINN II

CEAPACHÁIN CHOMHALTAÍ BUANA AN AONAID EORPAIGH UM CHOMHORDÚ EITLÍOCHTA I gCÁS GÉARCHÉIME, AGUS A gCOMHALTAÍ MALARTACHA

Na Ballstáit		
	Comhalta	Comhalta malartach
	Ionadaí ar an mBallstát a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh aige	Ionadaí ar an mBallstát a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh aige

Stáit CSTE		
	Comhalta	Comhalta malartach
	Ionadaí ar an Stát CSTE a bhfuil Cathaoirleacht Bhuanchoiste Stáit CSTE aige	Ionadaí ar an Stát CSTE a bhfuil Cathaoirleacht Bhuanchoiste Stáit CSTE aige

An Coimisiún Eorpach		
	Comhalta	Comhalta malartach
	Maria De Las Flores DIAZ PULIDO Ceann Aonaid, Aerspás Eorpach Aonair, AS MOVE An Coimisiún Eorpach	Staffan EKWALL Oifigeach Beartais AS MOVE An Coimisiún Eorpach

Gníomhaireacht		
	Comhalta	Comhalta malartach
	Fabio GRASSO Bainisteoir na Rannóige um Chaighdeáin agus Cur Chun Feidhme Bainistíochta Aerthráchta EASA	Augustin KLUS Saineolaí Sinsearach & Saineolaí Seirbhísí Aerthráchta EASA

Eurocontrol		
	Comhalta	Comhalta malartach
	Enrique FRAILE-RIESCO Ceann Foirne EUROCONTROL	Philip HUGHES Ceann Rannáin EGSD/PCS EUROCONTROL

Bainisteoir Líonra		
	Comhalta	Comhalta malartach
	Iacopo PRISSINOTTI Stiúrthóir um Bainistíocht Líonra EUROCONTROL	Steven MOORE Bainisteoir Oibríochtaí EACCC Stiúrthóireacht um Bainistíocht Líonra EUROCONTROL

An tArm		
	Comhalta	Comhalta malartach
	An Leifteanantchoirnéal Adam KARWOTH Údarás Eitlíochta Míleata na Gearmáine	Coirnéal Thierry BRETOS Údarás Eitlíochta Míleata na Fraince

Soláthraithe Seirbhísí Aerloingseoireachta		
	Comhalta	Comhalta malartach
	Tanja GROBOTEK CANSO	Rafał MARCZEWSKI , An Stiúrthóir um Straitéis, Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Tionscadail PANSA

Oibreoirí aerfoirt		
	Comhalta	Comhalta malartach
	Rick MERNOCK ACI Europe	Yves BROUWERS Brussels Airport ACI Europe

Úsáideoirí aerspáis		
	Comhalta	Comhalta malartach
	Carlo VERELST Comhalta EACCC Bainisteoir, Bonneagar Bainistíochta Aerthráchta, an Eoraip, IATA	Rory SERGISON Ceannaire um Bonneagar Bainistíochta Aerthráchta, an Eoraip – An tSábháilteacht Réigiúnach agus Oibríochtaí Eitilte IATA

Úsáideoirí aerspáis #2		
	Comhalta	Comhalta malartach
	Achim BAUMANN Comhalta EACCC A4E	Chris WOODLAND Comhalta malartach EACCC AOLC